2024/1742

24.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1742 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meitheamh 2024

lena gcuirtear síneadh leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus an doimhneacht le haghaidh saighní cladaigh lena ndéantar iascaireacht in uiscí teorann na Fraince cóngarach do chósta Occitanie agus cósta Provence-Alpes-Côte d'Azur

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) agus Airteagal 13(5) agus (10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Meitheamh 2014 ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 587/2014 ([2]) lena mbunaítear maolú ar Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus an doimhneacht le haghaidh saighní cladaigh lena ndéantar iascaireacht in uiscí teorann áirithe de chuid na Fraince (Languedoc-Roussillon agus Provence-Alpes-Côte d'Azur). Deonaíodh roinnt síntí leis an maolú sin, arbh é Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2362 ón gCoimisiún ([3]) an ceann deiridh, a rachaidh in éag an 26 Lúnasa 2024.

(2) An 23 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún iarraidh ón bhFrainc síneadh a chur leis an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2362. Sholáthair an Fhrainc an tuarascáil a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta, a bunaíodh sa phlean bainistíochta a ghlac an Ballstát sin an 13 Bealtaine 2014 ([4]) ('plean bainistíochta na Fraince'), agus faisnéis cothrom le dáta lena dtugtar údar le síneadh a chur leis an maolú i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(3) Le linn an 75ú seisiún iomlánach de chuid an Choiste Eolaíoch, Theicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) ([5]) i mí na Márta 2024, rinne sé measúnú ar an iarraidh síneadh a chur leis an maolú lena mbaineann, lena n-áirítear na sonraí tacaíochta agus an tuarascáil cur chun feidhme. D'admhaigh CETEI, d'ainneoin faisnéis theoranta, gur tháinig laghdú ar an iarracht iascaireachta agus ar ghabhálacha (níor úsáideadh ach 23 % den chuóta iarrachta iascaireachta in 2023) mar aon le laghdú ar an líon bád (is amhlaidh nach raibh ach trí shoitheach gníomhach in 2023). Tugtar le tuiscint leis sin laghdú comhfhreagrach ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an iascach ar na héiceachórais agus ar na hacmhainní. Tháinig CETEI ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil an t-iascach á chéimniú amach go tapa, agus nach bhfuil ach fíorbheagán soithí gníomhacha fágtha, gur dócha go mbeidh tionchar an iascaigh beag agus go dtiocfaidh laghdú air.

(4) Ar na cúiseanna a thug CETEI, ar cúiseanna iad lena n-aontaíonn an Coimisiún, ní mór cuimhneamh nach bhfuil aon tionchar mór ag iascach na saighní cladaigh ar an muirthimpeallacht.

(5) Tá srianta sonracha geografacha ann de bharr leithead teoranta na scairbhe ilchríochaí.

([1]) IO L 409, 30.12.2006, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1967/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 587/2014 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2014 lena maolaítear ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus an doimhneacht le haghaidh saighní cladaigh lena ndéantar iascaireacht in uiscí teorann áirithe de chuid na Fraince (Languedoc-Roussillon agus Provence-Alpes-Côte d'Azur) (IO L 164, 3.6.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/587/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/2362 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2022 lena gcuirtear síneadh leis an maolú ó Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus an doimhneacht a dheonaítear do shaighní cladaigh a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe na Fraince (Occitanie agus Provence-Alpes-Côte d'Azur) (IO L 312, 5.12.2022, lch. 91, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2362/oj).

([4]) https://www.legifrance.gouv.fr/jorf/id/JORFTEXT000028986590/

([5]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_plen_24-01

(6) Déantar iascaireacht saighní cladaigh amach ón gcladach i ndoimhneacht éadomhain agus spriocdhírítear ar speicis éagsúla. Mar gheall ar chineál an iascaigh sin ní féidir é a dhéanamh le trealamh iascaireachta ar bith eile ós rud é nach bhfuil aon trealamh rialáilte eile ann ar féidir an spriocspeiceas a ghabháil leis.

(7) Is le húdarú líon teoranta 17 soitheach a shainaithnítear i bplean bainistíochta na Fraince, nach raibh ach trí shoitheach díobh gníomhach in 2023, a bhaineann an síneadh leis an maolú a d'iarr an Fhrainc. Léiríonn sé sin laghdú 54 % ar an iarracht iascaireachta i dtéarmaí na soithí atá údaraithe i gcomparáid le 2014, nuair a bhain an maolú le 37 soitheach údaraithe arna sonrú faoi phlean bainistíochta na Fraince.

(8) Thairis sin, ráthaítear i bplean bainistíochta na Fraince nach dtiocfaidh méadú ar an iarracht iascaireachta amach anseo, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Ní eiseofar údaruithe iascaireachta ach amháin do na 17 soitheach shonraithe, lena mbaineann iarracht iascaireachta iomlán 638 lá, atá údaruithe cheana féin ag an bhFrainc le hiascaireachta a dhéanamh. Ina theannta sin, chuir an Fhrainc teorainn leis an iarracht uasta incheadaithe i gcás gach trealaimh.

(9) Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil deireadh á chur leis an gcabhlach de réir a chéile le plean bainistíochta na Fraince ós rud e go bhfuil na húdaruithe iascaireachta nasctha leis na soithí agus go dtarraingítear siar iad go huathoibríoch nuair a chuirtear soitheach nua in ionad an tsoithigh a bhfuil an t-údarú aici nó nuair a dhíolann máistir an tsoithigh a shoitheach nó nuair a théann sé ar scor.

(10) Baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta atá údaraithe ag an bhFrainc cheana féin agus le soithí a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(11) Áirítear na soithigh sin ar liosta a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le ceanglais Airteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(12) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ceanglais Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, ós rud é go dtoirmeasctar i bplean bainistíochta na Fraince iascaireacht a dhéanamh os cionn gnáthóga faoi chosaint.

(13) A mhéid a bhaineann leis an gceanglas méideanna íosta an mhogaill a chomhlíonadh, údaraíodh i bplean bainistíochta na Fraince maolú ar mhéid íosta an mhogaill a bunaíodh in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ar bhonn chomhlíonadh cheanglais Airteagal 9(7) den Rialachán sin i bhfianaise chineál an-roghnaíoch na n-iascach lena mbaineann, i bhfianaise na héifeachta diomaibhsí atá acu ar an muirthimpeallacht agus toisc nach mbaineann na forálacha faoi Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 leo.

(14) Le hIarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) ceadaítear cur i bhfeidhm leanúnach maoluithe ar mhéideanna íosta an mhogaill a eisíodh faoi chuimsiú Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus a bhí ann cheana an 14 Lúnasa 2019, mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2019/1241. Rinne an Coimisiún measúnú ar an síneadh sin leis an maolú a d'iarr an Fhrainc agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus in Iarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann leis an Rialachán sin, toisc nach dtagann meath ar na caighdeáin roghnaíochta mar thoradh air, go háirithe i dtéarmaí méadú ar ghabhálacha iasc óg, a bhí ann an 14 Lúnasa 2019, agus dírítear leis ar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 den Rialachán sin a bhaint amach.

(15) Ní chuireann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann isteach ar ghníomhaíochtaí soithí a úsáideann trealaimh eile seachas tráil, saighní nó líonta tarraingthe dá samhail, i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

([6]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

(16) Rialaítear gníomhaíocht saighní cladaigh i bplean bainistíochta na Fraince lena áirithiú gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a luaitear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, a thagann in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(17) Ní spriocdhírítear le saighní cladaigh ar cheifealapóid, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(18) Le plean bainistíochta na Fraince, bunaítear plean faireacháin le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta, dá bhforáiltear in Airteagal 4(5), an cúigiú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus in Airteagal 13(9), an tríú fomhír, de. Áirítear bearta maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a thaifead freisin, agus ar an gcaoi sin comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([7]).

(19) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an síneadh leis an maolú a d'iarr an Fhrainc na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Dá bhrí sin, ba cheart an síneadh leis an maolú a iarradh a dheonú.

(20) Ba cheart don Fhrainc tuairisciú don Choimisiún in am trátha agus i gcomhréir leis an bplean faireacháin dá bhforáiltear i bplean bainistíochta na Fraince.

(21) Trí fhad an mhaolaithe a theorannú, beifear in ann bearta bainistíochta ceartaitheacha tapa a dhéanamh ina dhiaidh sin i gcás ina léireofaí drochstádas caomhantais maidir leis an stoc saothraithe san fhaireachán ar phlean bainistíochta na Fraince, agus raon feidhme á sholáthar chun feabhas a chur ar an mbunús eolaíoch le plean bainistíochta feabhsaithe.

(22) Ós rud é go bhfuil an t-iascach cumhdaithe go leanúnach le plean bainistíochta na Fraince um shaighní cladaigh agus leis an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2362 a rachaidh in éag an 26 Lúnasa 2024, d'fhonn leanúnachas dlíthiúil a áirithiú ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.

(23) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(24) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint ós rud é gur cumhdaíodh an t-iascach atá i gceist go leanúnach le plean bainistíochta na Fraince um shaighní cladaigh.

(25) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí teorann na Fraince cóngarach do chósta Occitanie agus cósta Provence-Alpes-Côte d'Azur maidir le saighní cladaigh a úsáideann soithí:

(a) a bhfuil an chláruimhir acu a luaitear sa phlean bainistíochta arna ghlacadh ag an bhFrainc i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ('plean bainistíochta na Fraince');

(b) a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus nach mbainfidh aon mhéadú leo amach anseo ar an iarracht iascaireachta a rinneadh mar gheall orthu; agus

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

(c) a bhfuil údarú iascaireachta acu agus a oibríonn faoi phlean bainistíochta na Fraince.

Airteagal 2

Plean faireacháin agus tuairisciú

Cuirfidh an Fhrainc tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin a bunaíodh i bplean bainistíochta na Fraince in iúl don Choimisiún laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus tréimhse cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 25 Lúnasa 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN